C/2026/4881

29.9.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.12632 — MGIF / AWARE / SERV)
Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4881)

1. An 17 Meán Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Macquarie Global Infrastructure Fund SCSP, ag gníomhú dó trína chomhpháirtí ginearálta MGIF Luxembourg GP S.à.r.l ('MGIF', Lucsamburg), atá faoi rialú Macquarie Group Limited (in éineacht lena ghrúpa, 'Macquarie', an Astráil),

— Aware Super Pty Ltd ('Aware', an Astráil),

— Serv Holdings Pty Ltd agus SERV Holdings Trust (le chéile, 'SERV', an Astráil), faoi lánúinéireacht Aware.

Gheobhaidh MGIF agus Aware rialú comhpháirteach ar SERV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ciste é MGIF atá faoi rialú Macquarie. Is grúpa seirbhísí airgeadais éagsúlaithe é Macquarie, atá gníomhach ar fud an domhain.

— Is ciste aoisliúntais é FAISE atá gníomhach ar fud an domhain, lena gcuirtear aoisliúntas, árachas, infheistíochtaí agus comhairle ar fáil.

Is oibreoir eisiach seirbhísí teidealúcháin agus clárúcháin talún áirithe san Astráil é SERV.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12632 — MGIF / AWARE / SERV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.